Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2016**
**(OR. en)**

**11625/1/16**
**REV 1 ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2012/0179 (COD)**

**PECHE 292**
**CODEC 1139**
**PARLNAT 288**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh na Comhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí Rialachán ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear coinníollacha sonracha maidir le stoic dhomhainfharraige a iascach san Atlantach Thoir Thuaidh agus forálacha maidir le hiascaireacht i bhfarraigí idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002<br>- Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>- Arna ghlacadh ag an gComhairle ar an 18 Deireadh Fómhair 2016 |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ar an 19 Iúil 2012 chuir an Coimisiún Eorpach an togra a luaitear thuas faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa[1]. Is é is aidhm don togra an Rialachán atá ann cheana, lena mbunaítear na coinníollacha sonracha maidir le stoic dhomhainfharraige a iascach, a thabhairt cothrom le dáta.[2]

2. Idir mí Eanáir 2014 agus mí na Samhna 2015, rinne an Mheitheal um Beartas maidir leis an Iascach Inmheánach agus Seachtrach léamh críochnúil ar an togra.

3. Chaith Parlaimint na hEorpa vóta maidir lena seasamh ar an gcéad léamh ar an 10 Nollaig 2013[3].

4. Tar éis don Mheitheal na leasuithe ón bParlaimint a scrúdú, agus prionsabail an chomhbheartais nua iascaigh[4] á gcur san áireamh freisin, d'ullmhaigh Uachtaránacht Lucsamburg téacs comhréitigh mar a leagtar amach sa tríú colún de 5803/5/14, agus áirítear na nuashonruithe teicniúla a leagtar amach in 15306/15 ar an téacs sin. D'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an téacs sin ar an 11 Samhain 2015, agus tugadh sainordú don Uachtaránacht ar an mbonn sin dul i mbun caibidlíochta le Parlaimint na hEorpa.

5. Thángthas ar chomhaontú sealadach leis an bParlaimint tar éis an chruinnithe thrípháirtigh a bhí ar siúl ar an 17 Samhain 2015 agus a tionóladh faoi Uachtaránacht Lucsamburg, agus tar éis cruinnithe trípháirteacha eile ar an 26 Aibreán, 25 Bealtaine, 14 agus 30 Meitheamh 2016, a tionóladh faoi Uachtaránacht na hÍsiltíre.

6. I litir dar dáta an 13 Iúil 2016, chuir Cathaoirleach Choiste um Iascach Pharlaimint na hEorpa in iúl d'Uachtarán Coreper I, gur i gcás go dtíolacfaidh an Chomhairle a seasamh go foirmiúil chuig Parlaimint na hEorpa mar a comhaontaíodh, faoi réir fíorúcháin ag na dlítheangeolaithe, go molfaidh sé don Seisiún Iomlánach go nglacfar seasamh na Comhairle, gan aon leasú, ar an dara léamh sa Pharlaimint.

---

[1] cf. 12801/12.
[2] Rialachán (CE) Uimh. 2347/2002.
[3] cf. 17452/2013.
[4] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

7. Ar an 20 Iúil 2016, dhearbhaigh Coiste na mBuanionadaithe an dréacht-téacs comhréitigh deiridh d'fhonn teacht ar chomhaontú[5].

## II. CUSPÓIR

8. Ba é ab aidhm leis an togra príomhghnéithe an Rialacháin atá ann faoi láthair a thabhairt cothrom le dáta agus díriú ar na gnéithe sin ar bhealach níos fearr (córas maidir le húdarú iascaireachta, bailiú sonraí, faireachán ar an iarracht iascaireachta agus rialú), na ceanglais maidir le tuairisciú a shimpliú agus an córas a fhorlíonadh le bearta leis an tionchar atá ag iascaireacht domhainfharraige ar an éiceachóras a laghdú (coincheap an "lorg iascaireachta" agus trál grinnill a chéimniú amach).

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE AR AN GCÉAD LÉAMH

### A. Faisnéis Ghinearálta

9. Le seasamh na Comhairle, tacaítear a bheag nó a mhór leis an togra ón gCoimisiún i ndáil leis an gcóras maidir le húdarú iascaireachta a nuachóiriú, i ndáil le forálacha sonracha maidir le bailiú sonraí agus tuairisciú a ailíniú ar bhealach níos fearr leis an gcreat ginearálta bailithe sonraí, i ndáil le tuairisciú a shimpliú agus forálacha rialaithe a athbhreithniú. Mar sin féin, thug an Chomhairle roinnt solúbthachta isteach d'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú agus le bearta díréireacha a sheachaint (féach, cuir i gcás Airteagal 5(6), 6(2), 10, 12 agus 13(2) de sheasamh na Comhairle). Chomh maith leis sin, scrios an Chomhairle na forálacha roghnacha, a bhí sa togra, maidir le bainistiú na hiarrachta iascaireachta, i bhfianaise na bprionsabal nua bainistithe a bunaíodh leis an athchóiriú ar an gcomhbheartas iascaigh, tabhairt isteach an oibleagáid maidir le teacht i dtír san áireamh.

[5] cf. 11141/16.

10. Siocair nár tháinig an t-athbhreithniú ar an gcomhbheartas iascaigh i bhfeidhm go dtí an 1 Eanáir 2014 nuair a vótáil an Pharlaimint a seasamh ar an gcéad léamh, ní raibh an Chomhairle in ann comhaontú maidir le leasuithe áirithe a mhol Parlaimint na hEorpa lena ndírítear ar ghabháil níos faide ná prionsabail nua an chomhbheartais iascaigh maidir le hiascaireacht domhainfharraige (e.g. leasú 36 agus leasú 37 maidir le bainistiú acmhainne, leasú 65 agus leasú 66 maidir le teorainneacha gabhála i gcásanna nach bhfuil dóthain sonraí fúthu, leasú 71 maidir leis an oibleagáid teacht i dtír i gcás speicis domhainfharraige) nó lena n-athdhearbhaítear gnéithe den chomhbheartas iascaigh (e.g. leasú 119 maidir le tacaíocht ón gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh).

11. Ag féachaint do na hathruithe ar an togra ón gCoimisiún, déanann an Chomhairle forbairt ar leasuithe a mhol an Pharlaimint maidir leis an "lorg iascaireachta" (leasú 43 go leasú 55) agus maidir le limistéir a ainmniú ina bhfuil éiceachórais leochaileacha mhuirí nó maidir le limistéir inar dóigh go mbeidh na héiceachórais leochaileacha mhuirí sin (leasú 42 agus leasú 56). Sa seasamh ón gComhairle, bunaithe ar na trí bharúil éagsúla a chóineasú, cuireadh pacáiste forálacha (gan trál grinnill ar bith a bheith ann faoi 800 méadar in uiscí AE agus i limistéir uiscí AE a shainaithnítear le cosaint a thabhairt d'éiceachórais leochaileacha mhuirí dhomhainfharraige) in ionad an togra ón gCoimisiún maidir le trál grinnill in iascaireacht domhainfharraige a chéimniú amach, ar togra é nár ghlac an Pharlaimint leis ann féin (féach leasú 62); coinníollacha dochta le haghaidh iascaireacht thaiscéalaíoch lasmuigh de limistéir bhunaithe iascaireachta ("lorg"), lena mbaineann smachtbhannaí gaolmhara i gcás neamh-chomhlíonadh; cumhdach breathnóra atreisithe, agus ceanglais tuairiscithe maidir le speicis lena léirítear an dóchúlacht gur éiceachórais leochaileacha mhuirí atá i gceist; agus measúnú mionsonraithe ar thionchar an Rialacháin tar éis ceithre bliana).

## B. **Gnéithe sonracha**

12. Ba chúis imní faoi leith do na trí hinstitiúid é an cumhdach breathnóra ar bhord soitheach atá ag iascaireacht do speicis domhainfharraige. D'fhonn leas na Parlaiminte maidir leis an eolas eolaíoch faoi speicis domhainfharraige agus faoi tionchar an trealaimh a mhéadú go gasta a chothromú le leas na Comhairle maidir leis na paraiméadair chaighdeánacha cumhdaigh a fheidhmiú agus chun nach dtabharfar tosaíocht d'iascach amháin thar cuid mhór iascaigh eile i gcás nach mbeadh go leor acmhainní daonna ann, thángthas ar chomhréiteach go mbeidh cumhdach breathnóra 20% éigeantach ar shoithigh a dhíríonn ar speicis domhainfharraige le tráil ghrinnill nó le heangacha geolbhaigh ghrinneallsocraithe (Airteagal 16 de sheasamh na Comhairle). D'fhéadfaí an céatadán sin a athbhreithniú trí chomhchinnteoireacht tar éis measúnú eolaíoch a dhéanfar ar iarraidh ón gCoimisiún.

13. Le linn na dteagmhálacha idir an Pharlaimint agus an Coimisiún, conspóideadh raon feidhme spásúil an Rialacháin. Go háirithe, thacaigh an Pharlaimint le leathnú an chórais nua i dtreo oibríochtaí shoithigh AE in uiscí idirnáisiúnta an Atlantaigh Thoir Thuaidh, a rialaítear le bearta ó Choimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC). Chuir an Chomhairle i gcoinne an chur chuige sin, mar go raibh imní uirthi faoi éagsúlacht sna rialacha a mbeadh feidhm leo sa limistéar céanna, faoin gcur chuige sonrach bainistithe a fhorbrófar in NEAFC, agus leag sí béim ar an éagsúlacht sna patrúin iascaireachta. D'fhéadfaí teacht ar chomhréiteach trí na rialacha maidir le cumhdach breathnóra a leathnú go roghnach chun go gcumhdófaí soithigh AE a fheidhmíonn in uiscí NEAFC (Airteagal 16(5) de sheasamh na Comhairle), agus caighdeán a thabhairt isteach i ndáil leis an méid sin a bheadh níos airde ná an ceann atá i bhfeidhm cheana ar an leibhéal idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin, comhaontaíonn an Chomhairle leanúint d'fhorálacha an Rialacháin maidir le rochtain tosaigh i gcás calafoirt ainmnithe, an oibleagáid faisnéise agus an cead iascaireachta a fheidhmiú i gcás oibríochtaí in uiscí NEAFC (Airteagal 20(3) de sheasamh na Comhairle).

14. Ar deireadh, comhaontaíonn an Chomhairle, sa seasamh uaithi, maidir le pacáiste de ghnéithe measúnaithe (Airteagal 19), ar cheart go mbeadh athbhreithniú mionsonraithe ar na bearta atá ann cheana agus ar bhearta nua mar thoradh air, ag féachaint dá n-oiriúnacht maidir le caomhnú fadtéarmach stoc, tionchar beag ar éiceachórais leochaileacha mhuirí agus eolas eolaíoch níos fearr.

## IV. CONCLÚID

15. Agus a seasamh á bhunú aici, thug an Chomhairle aird iomlán ar an togra ón gCoimisiún agus ar an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh.